



Ceannasaíocht agus Bainistíocht



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

Intreoir

Léiríonn scoileanna tiomantas ar bhonn laethúil do bhacainní ar fhoghlaím agus ar ghnóthachtáil a shainaithint agus a chealú. Chuir an tOrd Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1996 iachall ar Bhoird Gobharnóirí scoileanna príomhshrutha freastal ar dhaltaí a bhfuil sainriachtanais (SRO) acu. Dhaingnigh an tOrdú Oideachais agus Míchumais (TÉ) 2005 cearta páistí a bhfuil ráiteas Sainriachtanas Oideachais acu ar oideachas príomhshrutha agus thug isteach, den chéad uair, dlíthe leithcheala ar bhonn míchumais sa chóras oideachais ina iomláine.

Chuir an Cód Cleachtais ar Shainaithint agus Measúnacht Sainriachtanais Oideachais (1998 DE) agus Forlíonadh an Chóid Chleachtais ar Shainaithint agus Measúnacht Sainriachtanais Oideachais (2005 DE) bonn agus taca faoin dóigh a mbainistítear oideachas speisialta i scoilenna. Is catalaíoch eile é an tOrdú Oideachais agus Míchumais (TÉ) 2005 le cuimsiúchán a fhorbairt. Tháinig deiseanna le haghaidh breis comhoibrithe chun cinn fosta, mar shampla, trí Phobail Foghlama Ceantair (ALC) agus tá go leor scoileanna tiomanta d'fhorbairt na bpobal cuimsiúcháin seo.

Tugtar moltaí sa mhír seo do Ghobharnóirí, do phríomhoidí agus do cheannasaithe eile scoile ón ghrúpa scríbhneoirí príomhoidí agus oifigigh de chuid na mBord Oideachais agus Leabharlann (ELBanna) ar an dóigh le ceannasaíocht a fhorbairt agus bainistíocht a dhéanamh ar an soláthar do pháistí a bhfuil SRO acu. Cuirtear sainchomhairle ar fáil do náiscoilenna, bunscoilenna agus iar-bhunscoilenna chomh maith le moltaí faoi bhainistíocht éifeachtúil acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna ar nós múinteoirí agus cúntóirí ranga. Níltear ag maíomh gur seicliostaí iomlána iad na moltaí, ach bhí siad úsáideach feidhmiúil ag baill an ghrúpa scríbhneoirí.

Ról an Cheannaire Ghaelscolaíochta

Anuas ar na róil agus na cúraimí atá leagtha amach i gCaighdeáin Náisiúnta do Phríomhoidí Thuaisceart Éireann na RO ní mór don phríomhoide gael scoile cúraimí a bhaineann go sonrach leis an suíomh Gaeleolaíochta a thabhairt san áireamh.

Teanga

Beidh an ceannaire Gaelscolaíochta freagrach as réimse achar a bhaineann go sonrach leis an timpeallacht tumoideachais nach ann dóibh i scoileanna Béarla:

1. struchtúir thacaíochta teanga a fhorbairt sa scoil a bheidh mar thaca chun scileanna Gaeilge na foirne a fhorbairt;
2. struchtúir thacaíochta teanga a fhorbairt sa scoil a thacóidh le toilteanas na ndaltaí an sprioctheanga a úsáid;
3. struchtúir thacaíochta teanga a fhorbairt sa scoil a thacóidh le sealbhú teanga na ndaltaí;
4. ceannasaíocht agus treoir a sholáthar i leith polasaithe agus straitéisí tumteagaisc agus tumfhoghlama;
5. tacaíocht agus comhairle a sholáthar do mhúninteoirí i dtaca leis an churaclam a sheachadadh ar bhealach a bheidh ag teacht le polasaithe agus straitéisí tumoideachais;
6. ceisteanna a bhaineann le forbairt teanga dhaltaí agus foirne a chur san áireamh agus comhairle á cur ar BnaG, agus sa PFS.

Féadann AFFF bheith ina uirlis éifeachtach lena chinntiú go bhfuil na hachair seo á bhforbairt mar is cuí ag foireann cheannaireachta na scoile.

Rollú

I gcuid mhaith cásanna, beidh ceannairí gaeilscoile freagrach as gaeilscoil atá i mbéal a luathfhorbartha. Tarlaíonn dúshláin go leor dá bharr seo – foireann nua le hearcú agus cóiríocht le feabhsú mar gheall ar an mhéadú ar rollú daltaí in aghaidh na bliana, agus an scoil ag tarraingt ar a Rollú Fadtéarmach seasmhach. Ní mór freagairtí i leith na n-athruithe seo a phleanáil tamall maith roimh ré agus iad a bhreithniú sa phlean forbartha scoile.

Réamhscolaíocht

Den chuid is mó, bíonn soláthar Gaelscolaíochta ag brath ar ghrúpa súgartha réamhscoile deonach le haghaidh ráta iontrála bliantúil seasmhach. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh ceannaire gaelscoile socrúithe a fhorbairt sa dóigh is go mbeadh dlúthchaidreamh idir an scoil agus an réamhscoil fhriothálach, a chinnteodh:

1. iontráil daltaí sheasmhach sa réamhscoil;
2. caighdeán a bheith á gcoimeád, go háirithe i dtaca le teanga na ndaltaí;
3. géilliúlacht na réamhscoile le gach reachtaíocht agus rialáil;
4. bainistíocht agus tacaíocht chuí bheith á soláthar d'fhoireann na réamhscoile;
5. cumas choiste na réamhscoile an réamhscoil a bhainistiú; agus
6. maoiniú dóthaineach a bheith ar fáil ag an réamhscoil le beith inmharthana.

Coláisteachas

Is minic a bhíonn soláthar Gaelscolaíochta scoite amach go tíreolaíoch ó sholáthróirí Gaelscolaíochta eile. Beidh ar an cheannaire Ghaelscolaíochta deiseanna a chruthú agus a éascú le go mbeidh teagmháil ghairmiúil le foireann Ghaelscolaíochta (múinteoirí agus cúntóirí ranga) i scoileanna eile chun gur féidir malartú gairmiúil, foghlaim agus roinnt dea-chleachtais tarlú. Sa chomhthéacs seo bheadh sé ríthábhachtach go mbeadh Comhdháil Bhliantúil na Gaelscolaíochta agus Fóram na bPríomhoidí mar chuid d'fhéilire na scoile.

Beidh ar an cheannaire Ghaelscolaíochta deiseanna a éascú ina mbeidh daltaí in ann teagmháil a dhéanamh le daltaí i scoileanna eile, i gcomhthéacsanna Gaelscolaíochta agus Gaeltachta araon.

Polasaithe, Córais agus Próisis Scoile

Den chuid is mó, beidh polasaithe, córais agus próisis sa soláthar Gaelscolaíochta cosúil leo siúd sa soláthar Béarla. Ach, toisc go mbeidh an soláthar Gaelscolaíochta i mbéal a luathfhorbartha i gcuid mhaith cásanna, beidh gá le polasaithe, córais agus próisis bhunriachtanacha a fhorbairt ó bhun ar fad. I dtaca leis na polasaithe scoile is coitianta – cosaint leanaí, sláinte agus sábháilteacht, srl, is féidir iad a bhunú ar theimpléid atá ann cheana. I dtaca le gnás agus cleachtas, córais agus próisis a bhaineann leis an iliomad achar, is gnách go mbíonn siad seantriáilte, seantástáilte agus seanchleachtaithe i scoileanna Béarla, agus dá bhrí sin, ní gá don cheannaire Ghaelscolaíochta tabhairt fúthu seo. I scoileanna Béarla, tá cuid mhór príomhoidí agus BnaG i ndiaidh córais agus próisis a bheachtú thar na blianta, agus baineann cuid mhaith acu leis an scoil féin go sonrach agus léiríonn siad sainchineál agus riachtanais shainiúla na scoile. Ní mór don cheannaire Ghaelscolaíochta, áfach, ceannaireacht a sholáthar chun iad seo a fhorbairt. Áirítear orthu seo réimse leathan ábhar amhail gnás agus cleachtas obair baile, noirm iompraíochta a mbítear ag súil leo, gnás agus cleachtas a bhaineann le smacht ranga agus na scoile uile, tacaíocht agus teagmháil le tuismitheoirí.

Tuismitheoirí

Tá an caidreamh idir tuismitheoirí agus an soláthróir Gaelscolaíochta an-éagsúil leis an chaidreamh chéanna sa soláthar Béarla ar roinnt mhaith cúiseanna: ní bhíonn Gaeilge ag bunús thuismitheoirí na ndaltaí Gaelscolaíochta agus, dá bhrí sin, tacaíonn an ghaelscoil leo ar bhealach éagsúil le tuismitheoirí san earnáil Bhéarla. Cuimsíonn an tacaíocht seo pleanáil obair baile agus eolas ar obair ranga na ndaltaí chun tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas ó sheachtain go seachtain faoin obair baile atá á déanamh ag a bpáistí agus faoi na topaicí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu sa rang. Cuidíonn seo le tuismitheoirí tacú lena bpáistí i dtaca le hoideachas agus sealbhú teanga de, agus cuidíonn sé le tuismitheoirí léargas a fháil ar an dóigh a n-oibríonn an tumoideachas agus ar an dóigh a dtéann sé i gcion ar fhoghlaim a bpáistí ag na hEochairchéimeanna éagsúla.

Lena chois sin, bíonn dlúthbhaint ag tuismitheoirí chuid mhaith daltaí Gaelscolaíochta le bunú agus le forbairt leanúnach na scoile. Dá réir sin, is den cheart acu é go mothóidh siad go bhfuil úinéireacht éigin acu ar an scoil, go mothóidh siad freagrach as an scoil, agus go bhfuil páirt acu dáiríre i leas na scoile. Is acmhainn thábhachtach é an caidreamh luachmhar tábhachtach seo chun torthaí maithe a bhaint amach do na daltaí agus chun an scoil a fhorbairt ar bhonn leanúnach, agus chun timpeallacht na Gaeilge a fhorbairt ar bhonn leanúnach taobh amuigh den scoil a thacódh le sealbhú agus le húsáid na teanga i measc daltaí. Ach, ní mór don cheannaire scoile an caidreamh a bhainistiú go cúramach, lena chinntiú nach dtagann sé salach ar fhoghlaím na bpáistí agus nach mbíonn tionchar diúltach aige.

Anuas air sin tá ról agus cúram breise ag an cheannaire gaelscoile cuidiú le tuismitheoirí an Ghaeilge a fhoghlaím, cur ar a gcumas tacaíocht níos fearr a sholáthar dá bpáistí i dtaca le sealbhú agus úsáid na teanga de. Sa chomhthéacs seo is minic a bhíonn orthu ranganna iarscoile do thuismitheoirí agus seisiúin obair baile do thuismitheoirí a réachtáil.

Toisc gur coincheapa nua ag mórán tuismitheoirí iad an ghaelscoil agus an córas tumoideachais, is féidir go mbeidh cuid acu imníoch faoi dhul chun cinn a bpáistí sa scoil, go háirithe an dul chun cinn acu sa Bhéarla. Is gá do phríomhoidí Gaelscolaíochta polasaithe agus próisis a fhorbairt chun tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas go minic agus go rialta faoi dhul chun cinn a bpáistí. Is é atá i gceist leis seo sainphróisis mheasúnaithe agus monatóireachta is féidir a bheidh ar an scoil a fhorbairt de bhreis ar an méid a mbítear ag súil leis san earnáil Bhéarla. Cuirtear leis an ualach oibre a ghabhann leis seo toisc gur beag uirlis mheasúnaithe atá ar fáil sa chóras Gaelscolaíochta, agus go mbíonn ar scoileanna a gcuid féin a chruthú agus a sholáthar.

Pobal

Sna pobail a riarann soláthar Gaelscolaíochta orthu, is é is dócha gurb é an soláthróir Gaelscolaíochta an t-aon soláthróir Gaelscolaíochta sa cheantar (diomaite de Bhéal Feirste agus Doire ar ndóigh). Is minic a bheidh ar an cheannaire Ghaelscolaíochta tabhairt faoin ról mar cheannaire teanga sa phobal áitiúil. I gcomhthéacs caol na scoile, tá seo tábhachtach mar mhodh le

timpeallacht a chruthú a thacaíonn le daltaí an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den scoil. I mórán pobal is ag foireann na gaelscoile amháin sa phobal sin a mbíonn ardscoileanna sa teanga acu.

Gobharnóirí

Is as linn bheag daoine a mheallann soláthróirí Gaelscolaíochta a gcuid gobharnóirí. Is minic nach mbeidh an bonn leathan scoileanna agus taithí ag Boird Ghobharnóirí Gaelscolaíochta a bhíonn de ghnáth ag BnaG i scoileanna Béarla. I gcásanna mar seo, is féidir go mbeidh BnaG ag brath ar an cheannaire scoile chun eolas agus tacaíocht a sholáthar dóibh, agus oiliúint a chur orthu i dtaca lena ról. Is annamh a tharlaíonn seo san earnáil Bhéarla. Dá bhrí sin, is gá go mbeidh muinín, scoileanna agus eolas ag an cheannaire Ghaelscolaíochta chun tacú le gobharnóirí a ról a chomhlíonadh, seachas a mhalairt a tharlaíonn de ghnáth i scoileanna Béarla.

Soláthar Áiseanna Ranga

Ainneoin an dul chun cinn suntasach atá déanta le blianta beaga anuas i dtaca soláthar áiseanna ranga, go fóill féin bíonn ar sholáthróirí Gaelscolaíochta mórán dá n-áiseanna ranga a sholáthar go himheánach, nó tríd aistriúchán. Teastaíonn bainistíocht chúramach chun an soláthar breise seo a threorú don fhoireann, chun obair nach gá a sheachaint (áit a mbeadh aistriúcháin ann cheana i scoileanna eile), agus lena chinntiú go bhfuil próisis dhearbhaithé cáilíochta in áit.

Eolas, Scoileanna agus Taithí

Tá próifíl aoise agus, dá réir sin, próifíl taithí lucht na Gaelscolaíochta óg. Go minic, déantar príomhoidí Gaelscolaíochta de phríomhoidí i bhfad níos luaithe ina saol oibre ná san earnáil Bhéarla. Den chuid is mó, ní bheadh an deis foghlama ag príomhoidí Gaelscolaíochta bheith ag obair faoi phríomhoide eile. Is féidir go mbeidh baill foirne eile chomh hóg agus chomh gann céanna i dtaithí. Is gá don phríomhoide Ghaelscolaíochta, dá réir sin, an ról mar

chomhairleoir, meantóir agus teagascóir forbartha gairmiúla a ghlacadh chuige féin do bhaill foirne eile ainneoin nach raibh an deis acu féin a scileanna agus oideolaíocht cheannaireachta féin a fhorbairt, ná le stór taithí a thógáil. Teastaíonn tacaíocht ó cheannairí Gaelscolaíochta le go mbeidh siad in ann an ról seo a fhorbairt, ról atá barrthábhachtach in aon timpeallacht scoile. D'fhonn príomhoidí nua, ceannairí agus foireann scoile eile a fhorbairt go gairimiúil tá géarghá le gréasán de chairde criticiúla, lena n-áirítear príomhoidí Gaelscolaíochta eile, Fóram na bPríomhoidí, agus foireann tacaíochta oideachais.

Tréithe Scoileanna a Fhreastalaíonn go hÉifeachtúil ar Shainriachtanais Oideachais agus ar an Chuimsiúchán

Is próiseas é an cuimsiúchán trína bhforbraíonn scoileanna, ELBanna agus eile a gcultúir, a bpolasaithe agus a gcleachtais le daltaí a chuimsiú. Leagtar amach i bhForlónadh an Chóid Chleachtais ar Shainaithint agus Measúnú Páistí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu, atá i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2005, treoir phraiticiúil (i Rannán 5) atá dírithe ar fheabhsú cleachtais chuimsiúcháin a chur chun cinn, cuidíonn sí fosta le scoileanna agus le Boird cinntí éifeachtúla a dhéanamh agus spreagann sí scoileanna glacadh le páistí a bhfuil SRO acu ar bhonn obair agus shaol iomlán na scoile.

Ba chóir do Bhoird Gobharnóirí agus do cheannasaithe scoile a chinntiú go bhfuil an-chur amach acu ar an Treoir sin.

Cultúr agus Éiteas

- Tá tiomantas ag an scoil do chlár oibre feabhsúchán scoile.
- Is scoil pháistelárnach í i dtaca le héiteas agus cultúr de.
- Ní áirítear an díothacht shóisialta nó constaicí eile foghlama mar leithscéal as teip leanúnach oideachais.
- Coinnítear leibhéil arda ionchais do gach páiste.

- Tugtar an-aird ar ghuth an pháiste ó thaobh pleanáil le freastal ar riachtanais, lena n-áirítear Pleananna Oideachais a chur ar bun agus a athbhreithniú.
- Bíonn páirt ghníomhach ag an scoil san fhorbairt phobail agus í ag tacú le riachtanais foghlama an phobail.
- Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí mar pháirtithe i bpleanáil agus i soláthar na foghlama.
- Tugtar faoi riachtanais foghlama an pháiste ina (h)iomláine seachas díriú ar thorthaí intomhaiste amháin.
- Cothaítear naisc a bhfuil an-chiall leo leis an scoil speisialta áitiúil; d'fhéadfaí go n-áireofaí air seo saineolas baill foirne a roinnt agus deiseanna a thapú le haghaidh comhoiliúna.

Gobharnóirí

- D'fhéadfadh coiste de chuid na nGobharnóirí nó Gobharnóir amháin a bheith ag an Bhord a bhfuil freagrachtaí sainriachtanais oideachais agus cuimsiúcháin aige/aici.
- Sainaithnítear bacainní ar ghnóthachtáil agus déantar bearta cuí leis na bacainní a shárú.

Pleanáil

- Sainaithnítear go comhsheasmhach sa phlean forbartha scoile réimsí le haghaidh feabhsúcháin maidir le sainriachtanais oideachais (SRO) agus cuimsiúcháin.
- Díritear acmhainní scoile, buiséad san áireamh, go rialta ar shainriachtanais oideachais agus cuimsiúcháin.
- Sainaithnítear agus scaiptear ar scoil agus idir scoileanna dea-chleachtas SRO agus cuimsiúcháin.

Ceannasaíocht Shinsearach

- Bíonn an príomhoide páiseanta faoina chinntiú go sainaithnítear agus go bhfreastalaítear ar riachtanais páistí agus daoine óga.
- D'fhéadfadh an Comhordaitheoir Sainriachtanais Oideachais (CSRO) bheith ina b(h)all d'Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta/ Cheannasaíochta na scoile agus ionchur rialta a bheith aige/aici maidir le clár oibre na sainriachtanas agus an chuimsiúcháin.
- Glacann an fhoireann iomlán freagracht as freastal ar riachtanais gach dalta de chuid na scoile, beag beann ar chumas, SRO, míchumas, cúlra sóisialta nó teanga bhaile.
- Is ardtosaíocht í an Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil ag gach ball foirne de chuid na scoile.
- Breathnaítear ar na baill foirne tacaíochta mar chuid thábhachtach den fhoireann chuimsiúcháin agus áirítear iad sa phróiseas pleanála, sa mhonatóireacht agus sa luacháil.
- Úsáidtear sonraí go héifeachtúil le daltaí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu a aithint agus le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn acu le linn na hidirghabhála.
- Tacaítear le riachtanais na ndaltaí ar bhonn pleanála don dalta aonair agus tugtar tacaíocht dá réir.
- Coinnítear cothromaíocht idir tacú le daltaí i rang ar leith agus taobh istigh dá rang féin.
- Glactar am le dul i gcomhairle le seirbhísí tacaíochta lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhaontaithe i bhfeidhm le freastal ar riachtanais daltaí aonair.

Ní liosta deifnídeach é seo agus d'fhéadfadh athruithe polasaí oideachais dul i bhfeidhm ar an liosta seo amach anseo.

Treoir do Ghobharnóirí ar Cheannasaíocht agus ar Bhainistiú Soláthar Sainriachtanais Oideachais agus Cuimsiúcháin

Aithnítear go bhfuil an-chuid taithí agus saineolais ag cuid mhór Gobharnóirí scoile a chuireann le soláthar SRO agus cuimsiúcháin. Áirítear tuismitheoirí fosta ar na Gobharnóirí, agus tig le scoileanna tairbhe a bhaint as an léargas luachmhar a bhíonn acu le cur le clár oibre an fheabhsúcháin scoile.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais doiciméad – 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith – Ról an Ghobharnóra' sa bhliain 2010 (DE, 2010b). Baineann Caibidil 12 den doiciméad go sainiúil le ról an Ghobharnóra maidir le daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu. Is féidir teacht ar an chaibidil seo ón nasc ag deireadh na caibidle.

Tugann an mhír seo a leanas ón leabhrán forbhreathnú ar fhreagrachtaí an Ghobharnóra:

Is é ról Bhord Gobharnóirí scoile príomhshrutha a chuid feidhmeanna a chleachtadh, faoi mar a bhaineann siad leis an scoil, ionas go gcinntítear go ndéantar freastal ar dhaltaí cláraithe a bhfuil sainriachtanais oideachais acu. Tá dualgas **reachtúil** ar Bhord na nGobharnóirí:

- forálacha Chód Cleachtais RO ar shainaithint agus ar mheasúnú sainriachtanais oideachais a chur san áireamh;
- a seacht ndícheall a dhéanamh freastal ar dhaltaí a sainaithnítear SRO a bheith acu agus tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi shainriachtanais a gcuid páistí;
- polasaí ar SRO a chothabháil agus a fheidhmiú;
- sa chás go bhfuil sainriachtanais oideachais ar dhaltá cláraithe, a chinntiú go gcuirtear gach duine ar dócha go dteagascfaidh siad é/í ar an eolas ina leith;

- a chinntiú go dtuigeann múinteoirí sa scoil an tábhacht atá le sainaithint na ndaltaí cláraithe a bhfuil SRO acu agus le teagasc cuí a sholáthar;
- cistiú faoi choinne sainriachtanais oideachais a leithdháileadh; agus
- plean scríofa inrochtaine a ullmhú agus a thabhairt chun cinn.

Moltar go gcuireann Gobharnóirí san áireamh an tsaintreoir as Caibidil 12 sa leabhrán. D'fhéadfadh Bord na nGobharnóirí coiste dá gcuid ball a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar obair na scoile le páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu.

Treoir do Phríomhoidí i mbun Cheannasaíocht agus Bhainistíocht Sainriachtanais Oideachais agus Cuimsiúcháin

Tá ceanglas i ngach scoil cloí leis an reachtaíocht ábhartha SRO agus míchumais lena n-áirítear an tOrdú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1996, an tOrdú Oideachais agus Míchumais (TÉ) 2005 agus na Cóid Chleachtais (RO 1998, RO 2005 agus an Coimisiún Comhionannais 2005). Tá naisc chuig an reachtaíocht agus chuig na cóid ar fáil ag deireadh na míre seo. Ba chóir do Ghobharnóirí agus do phríomhoidí a chinntiú go bhfuil cur amach acu ar an cháipéisíocht ábhartha.

An Próiseas Pleanála Forbartha Scoile, Sainriachtanais Oideachais agus Cuimsiúchán

- Cuireadh béim le blianta beaga anuas ar an phróiseas pleanála forbartha scoile agus ar an ghá atá le scoileanna féinmheasúnú a dhéanamh, mar a léirítear trí thabhairt isteach Rialúcháin Pleanála Forbartha Scoile (2005) agus Rialúcháin Pleanála Forbartha Scoile (2010) chomh maith le treoirínte sainiúla de chuid na Roinne Oideachais (RO) sa bhliain 2011.
<http://www.legislation.gov.uk/nisr/2010/395/contents/made>
- Is é an túsphointe do scoileanna a soláthar do pháistí a bhfuil SRO acu agus don chuimsiúchán a fhorbairt, iniúchadh a dhéanamh ar na buanna agus ar na réimsí le haghaidh feabhsúcháin. Tá réimse leathan d'uirlisí iniúcháireachta ar fáil. D'fhorbair an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) Táscairí Caighdeáin Obair na gComhordaitheoirí Sainriachtanais Oideachais mar uirlis iniúcháireachta mar chuid de 'Le Chéile i dTreo an Fheabhsúcháin' (Together Towards Improvement) (ETI, 2010a, 2010b, 2010c, 2010d). Ba chóir na réimsí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithint trí phróiseas iniúcháireachta agus pleananna gníomhaíochta a chur ar siúl mar chuid de phlean forbartha na scoile.
- Ar na tréithe a bhaineann le scoil ina bhfuil cuimsiúchán gur rialta a aithnítear sainriachtanais oideachais agus cuimsiúchán mar réimsí le haghaidh feabhsúcháin sa phlean forbartha scoile mar aon le

hachóimre agus measúnú ar straitéisí na scoile i leith freastal ar riachtanais shainiúla nó bhreise nó ar riachtanais eile de chuid daltaí aonair.

Ceannasaíocht agus Bainistíocht Sainriachtanas Oideachais agus Cuimsiúcháin i Naíscoileanna agus i Naí-Aonaid

I measc phrionsabail an dea-chleachtais maidir le Sainriachtanas Oideachais agus cuimsiúchán tá luath-shainaithint riachtanais páistí. Is minic gur san earnáil réamhscolaíochta a shainaithnítear riachtanais páiste den chéad uair. Táthar ag dúil go gcloíonn naíscoileanna agus na ranganna iontu, a bheag nó a mhór, leis na gnáthaimh chéanna le sainriachtanas oideachais páistí óga a shainaithint agus le freastal orthu agus a mholtar do pháistí darb aois éigeantach scoile.

Is minic páistí níos óige ná seo arís a bheith ar shuíomh Ghaelscoile agus is tábhachtach cumarsáid éileachtúí a bheith forbartha chun SRO a aithint go luath!

Tá cleachtas den scoth ag roinnt naíscoileanna agus naí-aonad ach tá réimse dúshlán a bhaineann le ceannasaíocht agus bainistíocht roimh an earnáil agus iad ag déanamh a ndíchill ar son páistí a bhfuil sainriachtanas oideachais agus/nó míchumais acu. Caithfear tabhairt faoin bhrú ama, go háirithe do phríomhoide teagaisc nó do mhúinteoir a bhfuil cuid mhór ról éagsúil agus dualgas eile aige/aici. Bíonn am de dhíth faoi choinne obair pháipéir, cruinnithe le daoine gairmiúla eile, le gníomhaireachtaí agus le tuismitheoirí.

D'fhéadfadh sé bheith doiligh ag tuismitheoirí páistí óga glacadh leis go bhfuil deacrachtaí ag na páistí s'acu agus b'fhéidir go gcaithfeadh baill foirne réamhscolaíochta go leor tacaíochta a thabhairt do thuismitheoirí le cuidiú leo teacht chun réitigh le riachtanais a gcuid páistí.

Moltar na pointí dea-chleachtais seo a leanas.

- Léirítear trí éiteas na scoile nó an aonaid cur chuige cuimsitheach páistelárnach.

- Bíonn ionchais na foirne ard ach réadúil agus iad bunaithe ar a mbuanna chomh maith lena riachtanais a aithint.
- Sainaithníonn an scoil nó an t-aonad, le tacaíocht más gá, riachtanais bhreise páistí aonair agus áirítear tuismitheoirí sa phróiseas seo.
- Baineann na páistí sult as a gcuid foghlama agus as a ngnóthachtáil.
- Bíonn teagmháil rialta idir an príomhoide agus na múinteoirí agus dea-chaidreamh le tuismitheoirí.
- Bíonn cur síos beacht ar ról agus ar fhreagrachtaí cúntóirí ranga agus iad comhaontaithe idir baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc araon.
- Bíonn comhoibriú dlúth idir foireann na scoile nó an aonaid agus daoine gairmiúla eile de chuid gníomhaireachtaí eile.
- Bíonn athbhreithnithe rialta ann lena chinntiú go bhfuil na páistí ag baint tairbhe as an chlár tacaíochta.
- Léirítear i dtaifid na scoile nó an aonaid go bhfuil na páistí ag déanamh dul chun cinn de réir a gcumais agus a gcéim forbartha.

Suíomhanna Réamhscolaíochta agus an Cód Cleachtais

Meastar gur den dea-chleachtas go gcuireann gach suíomh réamhscolaíochta san áireamh an tábhacht a bhaineann le luath-shainaithint agus freastal ar pháistí a bhfuil sainriachtanais oideachais agus/nó míchumas acu. Mar sin de, d'fhéadfaí gur mhian leis na suíomhanna réamhscolaíochta sin nach bhfuil clúdaithe go fóill ag an Chód Cleachtais ar Shainaithint agus Measúnú Sainriachtanais Oideachais 1998 agus Forlíonadh (2005) na treorach a ghlacadh ar bord ar bhonn deonach.

Ceannasaíocht agus Bainistíocht Sainriachtanais Oideachais agus Cuimsiúcháin i mBunscoileanna

Moltar na pointí dea-chleachtais seo a leanas.

- Léirítear trí éiteas na scoile nó an aonaid cur chuige cuimsitheach páistelárnach.

- Tá tiomantas iomlán ag príomhoide agus ag foireann na scoile i leith an chuimsiúcháin agus bheith dírithe ar na daltaí.
- Glacann Gobharnóir scoile freagracht as SRO agus freastalaíonn sé/sí ar oiliúint Gobharnóra ach í bheith ar fáil.
- Bíonn cumarsáid éifeachtúil ann lena chinntiú go bhfuil gach ball den fhoireann, idir fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc, eolach ar fhís na scoile i leith na bpáistí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu.
- Cuireann samhail ceannasaíochta tarmligthe taobh istigh den bhunscoil le héiteas an mhúinteora mar cheannasaí agus mar bhainisteoir sainriachtanas taobh istigh de gach suíomh seomra ranga.
- Maidir le scoileanna beaga, d'fhéadfaí go n-áireofaí ar an bhainistíocht shinsearach gach ball den fhoireann teagaisc a bhféadfadh réimsí freagrachtaí a bheith acu. Taobh istigh de na foirne seo, is cuma cé chomh beag leo, glacann ball amháin den fhoireann teagaisc freagracht as comhordú sainriachtanais oideachais.
- Cinntíonn an príomhoide go dtugtar go leor ama don CSRO, taobh amuigh de ghnáthdhualgais ranga más féidir, lena chinntiú go dtig leis/léi a c(h)uid dualgas mar CSRO a chomhlíonadh.
- Cinntíonn an príomhoide go mbíonn na hamchláir solúbtha le go dtig le múinteoirí tacaíochta foghlama tacú le daltaí ina gcuid ranganna nó trí rang ar leith, ar bhonn aonair nó ar bhonn grúpa de réir mar is gá.
- Baintear úsáid éifeachtúil as sonraí le tearcghnóthachtáil a shainaithint agus lena chinntiú go ndírítear an idirghabháil ar na réimsí cuí.
- Bíonn forbairt SRO taobh istigh den Plean Forbartha Scoile (PFS) cuimsitheach agus nasctha ar fud an churaclaim seachas mar shaincheist ar leith; bíonn gnáthaimh rialta, dhaingne féinmheasúnachta ar bun.

- Oibríonn múinteoirí agus cúntóirí ranga i gcomhpháirt leis an soláthar, lena n-áirítear Plean Aonarach Oideachais (PAO) indibhidithe an pháiste, a phleanáil, a chur ar fáil agus a mheas.
- Nasctar soláthar na forbartha leanúnaí gairmiúla i leith sainriachtanais oideachais faoi choinne an CSRO agus na múinteoirí leis an PFS agus d'fhéadfadh sé cur le hAthbhreithniú Feidhmíochta Forbairt Foirne (AFFF).
- Bíonn an fhorbairt ghairmiúil SRO ar fáil d'fhoireann iomlán na scoile.
- Tugtar a luach do ghuth an pháiste.
- Tugtar a luach do ról an tuismitheora agus dearctar ar thuismitheoirí mar chomhpháirtithe.
- Tá cur síos soiléir ar ról agus ar fhreagrachtaí na gcúntóirí ranga agus iad comhaontaithe ag baill foirne idir fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc.
- Tá bainistíocht éifeachtúil ar bun do dhaltaí atá ag aistriú ó bhunscoil go hiar-bhunscoil.
- Cuirtear eolas cruinn agus sonraí leibhéil daltaí ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil le leanúnachas a chinntiú do na daltaí.

Ceannasaíocht agus Bainistíocht Sainriachtanais Oideachais agus Cuimsiúcháin san Iar-Bhunscoil

Moltar na pointí dea-chleachtais seo a leanas.

- De réir eiteas na scoile, bítear de shíor ag díriú ar an chuimsiúchán a fhorbairt.
- Tá tiomantas iomlán ag an phríomhoide don chuimsiúchán agus bheith dírithe ar riachtanais na ndaltaí.
- Bíonn plean inrochtaine ar fáil.

- Tá cur chuige rialta, leanúnach maidir leis an chumarsáid ar bun.
- Ar Bhord na nGobharnóirí, sainaithnítear coiste nó Gobharnóir le freagracht a ghlacadh as SRO agus as an chuimsiúchán.
- Bíonn na baill foirne tiomanta don chuimsiúchán agus constaicí foghlama a shárú agus bíonn siad ag forbairt a n-acmhainne chuige seo.
- Bíonn an scoil tiomanta don fheabhsúchán scoile agus don fhorbairt acmhainne lena chinntiú go nglacann gach múinteoir freagracht as freastal ar riachtanais gach dalta.
- Bíonn fócas sa phlean forbartha scoile ar an chuimsiúchán agus nasctar é le clár iomlán an fheabhsúcháin scoile.
- Is ball den Cheannasaíocht Shinsearach nó den Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta é an CSRO, más cuí.
- Cinntíonn an príomhoide go dtugtar go leor ama don CSRO, taobh amuigh de ghnáthdhualgais ranga, lena chinntiú go dtig leis/léi a c(h)uid dualgas mar CSRO a chomhlíonadh.
- Tá dearbhú caighdeáin ar fáil maidir le SRO agus an chuimsiúcháin trí fhéinmheasúnacht rialta, dhaincean.
- Áirítear gach ball foirne maidir le forbairt leanúnach ghairmiúil SRO.
- Bíonn an soláthar curaclaim, an mheasúnacht agus an creidiúnú fóirsteanach i dtaca le riachtanais na ndaltaí de.
- Baintear úsáid éifeachtúil as sonraí le tearcghnóthachtáil a shainaithint agus lena chinntiú go ndírítear an idirghabháil ar na réimsí cuí.
- Cuirtear daltaí a bhfuil SRO agus míchumas acu sa chuntas i bpleanáil múinteoirí, lena n-áirítear na cuspóirí atá sa Tuairisc nó Ráiteas Síceolaíocht Oideachais a chur sa mheá.

- Is iad na múinteoirí ranga a scríobhann na PAOanna i gcomhpháirt leis an CSRO agus na cúntóirí ranga.
- Tugtar a luach do ghuth an pháiste agus cuirtear san áireamh é.
- Ní úsáidtear an díothacht shóisialta nó constaicí eile mar leithscéal as tearcghnóthachtáil oideachais san am atá romhainn.
- Baintear an úsáid chuí as breisluach le gnóthachtáil scoile a chur i gcomhthéacs.
- Bíonn cur chuige Measúnú i gcomhair Foghlama agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta daingnithe sa churaclam.
- Bíonn Comhairle Scoile ag an scoil a mbíonn de chumhacht aici cinntí a dhéanamh nuair is cuí.
- Bunaítear naisc leis an scoil speisialta áitiúil agus roinntear dea-chleachtas.
- Bíonn bainistíocht éifeachtúil i gceist maidir le daltaí a aistriú ó bhunscoil go hiar-bhunscoil agus an scoil a fhágáil.
- Bíonn cleachtas comhoibrithe ar siúl le gníomhaireachtaí deonacha.
- Tugtar a luach do ról an tuismitheora agus bíonn an scoil ag comhoibriú leo le teacht ar thuiscint níos fearr ar na constaicí a d'fhéadfadh bheith i gceist.
- Bíonn naisc dhearfacha ag an scoil leis an phobal áitiúil agus d'fhéadfadh siad bearta onnghníomhacha a dhéanamh leis an fhoghlaim a chur chun cinn i measc an phobail.

Úsáid Níos Cuimsithí agus Níos Cruthaithí Acmhainní

Tá leibhéal áirithe acmhainní, idir airgeadas agus eile, ag scoileanna le tabhairt faoi shainriachtanais oideachais. Ba chóir dóibh a machnamh a dhéanamh, i gcomhar leis na ELBanna nuair is cuí, faoin dóigh is éifeachtúla agus is cruthaithí le húsáid a bhaint as na hacmhainní le freastal ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga faoi réir na forála sa ráiteas sainriachtanas oideachais, nuair is ann dó. Ar na hábhair mhachnaimh seo d'fhéadfaí go n-áireofaí an chothrom chuí idir teagasc breise agus cúnamh seomra ranga.

Tugtar deis do scoileanna fosta trí Thionscnamh na Scoileanna Sínte agus trí chlár na Scoileanna Lán-Seirbhíse réimse níos leithne de lucht gairme a fhostú le freastal ar riachtanais daltaí. D'fhéadfaí gur mhian le scoileanna fosta nasc a dhéanamh le gníomhaireachtaí deonacha agus le soláthraithe oiliúna do bhaill foirne i réimsí sainiúla SRO.

Réimse eile a bhféadfaí gur mhian le scoileanna a machnamh a dhéanamh air ná roinnt a gcuid acmhainní ar a chéile. Amach anseo, d'fhéadfadh a thuilleadh áiméar a bheith i gceist le baill foirne a mhalartú le haghaidh meantóireachta agus scáthfhoghlaime agus le foghlaim óna cheile.

Dea-Chleachtas sa Seomra Ranga maidir le Sainriachtanais Oideachais agus Cuimsiúchán; ról na múinteoirí

Is iomaí scoil a bhfuil miseanráiteas agus réimse leathan polasaithe acu. Ar na slata tomhais ar cháilíocht scoile áirítear cé acu atá nó nach bhfuil fianaise an mhisin agus na bpolasaithe le sonrú ar an éiteas agus ar an chleachtas laethúil. Go hidéalach, ba chóir don phríomhoide fíis na scoile a chur i bhfriotal agus ba chóir do na páirtithe uile leasmhara í a chomhaontú. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo le cur chuige aontaithe.

Is iad na múinteoirí, ar bhonn laethúil, is fearr a dtig leo clár oibre an chuimsiúcháin a sholáthar. Ar ndóigh, ní féidir bheith ag dúil leis an CSRO agus leis an fhoireann tacaíochta foghlama bheith ag obair ina n-aonar. Léiríonn na samplaí seo a leanas tréithe an chuimsiúcháin do mhúinteoirí.

- Cuireann pleanáil múinteoirí san áireamh buanna agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin atá ag daltaí.
- Déantar machnamh ar chlár foghlama pearsantaithe do dhaltaí.
- Nuair a bhíonn ráiteas sainriachtanais oideachais nó tuairisc síceolaíochta oideachais ag dalta, cuirtear na cuspóirí san áireamh i bpleanáil múinteoirí.
- Oibríonn an múinteoir i gcomhpháirt leis an CSRO agus leis an chúntóir ranga lena chinntiú go bhfuil go leor eolais ghairmiúil acu le freastal ar riachtanais na ndaltaí atá ina rang.
- Glacann an múinteoir comhfhreagracht as a f(h)orbairt ghairmiúil SRO. Má bhíonn oiliúint de dhíth, is féidir comhairle a iarraidh ar an CSRO; tá réimse cúrsaí de chuid ELBanna ar fáil, féach an suíomh idirlín s'acu; agus tá cúrsaí forbartha gairmiúla ar líne ar fáil trí LearningNI, C2K gan aon chostas.
- Oibríonn an múinteoir go héifeachtúil i gcomhpháirt leis an CSRO agus iad ag cruthú, ag athbhreithniú agus ag déanamh monatóireachta ar an EP (plean oideachais).
- Bíonn spriocanna SICRU san EP a thugann go leor dúshláin a fhóireann do chumas an pháiste.
- Déantar idirdhealú cúramach san fhoghlam agus teagasc lena chinntiú go bhfuil an curaclam fóirsteanach do riachtanais daltaí aonair.
- Úsáideann an múinteoir sonraí le haghaidh pleanála amach anseo agus le monatóireacht a dhéanamh ar an phleanáil sin.
- Oibríonn an múinteoir i gcomhpháirt leis an chúntóir ranga agus tuiscint shoiléir acu ar a ról agus ar a c(h)uid freagrachtaí féin.

- Bíonn nasc-mhúinteoir SRO ag gach roinn in iar-bhunscoil le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta (FSB) nó Cheannaireachta nó leis an Fhoireann Tacaíochta Foghlama agus le comhairle a thabhairt do chomhghleacaithe maidir le freastal ar riachtanais daltaí.
- Bíonn miontaifid agus mioneolas ag an mhúinteoir faoin dalta faoi choinne comhairliúchán éifeachtach idir tuismitheoir agus múinteoir.

Bainistiú Cúntóirí Ranga i Scoileanna

Is cuidiú é ag scoileanna bheith i dteagmháil le tuismitheoirí maidir leis an dóigh is fearr le tacaíocht a sholáthar sa seomra ranga leis na torthaí foghlama do gach dalta a thabhairt chun cinn. Ba chóir go n-áireofaí air seo straitéis le forbairt an neamhspleáchais a chothú. Is gá bheith cúramach fosta nach mbíonn barraíocht daoine fásta sa seomra.

Ba chóir do cheannasaithe agus do bhainisteoirí scoile a chinntiú go mbíonn oiliúint ar mhúinteoirí i leith bhainistiú an chúntóra ranga sa seomra ranga. Tá cúntóirí ranga le bheith ag obair i gcónaí 'faoi threoir an mhúinteora agus i gcomhpháirt leis/léi'. Cuireann Inniúlachtaí na Comhairle Ginearálta Teagaisc do Thuaisceart Éireann (GTCNI, 2007, lch.32) de fhreagracht ar an mhúinteoir 'obair daoine fásta eile a thacaíonn le foghlaim na ndaltaí nuair is cuí, a úsáid, a eagrú agus a threorú' (Inniúlacht 16).

Ba chóir go mbeadh polasaí soiléir ag an scoil leis na teorainneacha a mbíonn an cúntóir ranga ag obair taobh istigh díobh a shocrú. D'fhéadfadh sé seo uaireanta ina mbeadh an cúntóir ag feidhmiú de thaisme taobh amuigh dá réimse tagartha a sheachaint.

Treoir ar Úsáid Éifeachtúil Cúntóirí Ranga

Tá cúntóirí ranga fostaithe go forleiththeadach i roinnt mhaith scoileanna ar fud Thuaisceart Éireann. Nuair a úsáidtear cúntóirí go héifeachtúil, tig leo difear

dáiríre a dhéanamh maidir le cuimsiúchán agus dul chun cinn páistí agus daoine óga a bhfuil sainriachtanais agus/nó míchumais acu.

Go hidéalach, ba chóir go n-áireofaí an cúntóir in aon fhorbairt ghairmiúil atáthar a sholáthar don fhoireann teagaisc i réimse an SRO agus an chuimsiúcháin. Aithnítear nach féidir seo a dhéanamh i gcónaí nuair a fhaigheann an cúntóir maoiniú ó ghníomhaireacht sheachtrach ar nós ELB nó RO i gcás Scoileanna Imeachta faoi Chothabháil Deontais nó Scoileanna Deonacha Gramadaí.

Ba chóir go mbreathnófaí ar an chúntóir ranga mar bhall d'fhoireann SRO agus cuimsiúcháin na scoile agus ba chóir dó/di bheith páirteach sa phleanáil do na daltaí. Ba chóir go n-áireofaí air seo spriocanna sainiúla a shocrú don pháiste/duine óg maidir leis an mhéid a bhfuiltear ag tabhairt faoi sa Phlean Oideachais.

Treoirínte Dea-Chleachtais ar Úsáid Cúntóirí Ranga

Is é a dhéanann an cúntóir ranga:

- cuidiú leis an mhúinteoir neamhspleáchas an pháiste a fhorbairt;
- áirítear é/í mar chuid de ghníomhaíochtaí forbartha gairmiúla na scoile ina hiomláine;
- saineolas speisialaithe a fhorbairt le freastal ar riachtanais na bpáistí aonair lena mbíonn siad ag obair;
- rannpháirt a bheith acu i dtuiscint shoiléir ar a ról i measc baill eile foirne;
- páirt ghníomhach a bheith acu i measúnú a gcuid oibre agus i socrú spriocanna dóibh trí chomhairliúchán le bainistíocht na scoile;

- ról soiléir a chothú taobh istigh de chur chun cinn fhorbairt an pháiste, ag bogadh an pháiste i dtreo an neamhspleáchais agus shaol an duine fhásta;
- rannpháirt a bheith age/aici i gcur chun cinn éiteas cuimsitheach na scoile;
- féinmheas agus folláine mhothúchánach an pháiste a chur chun cinn;
- tábhacht a róil agus na rannpháirte acu i bhforbairt fhoriomlán shóisialta, mhothúchánach, foghlama agus thréadach an pháiste laistigh den scoil a thuiscint;
- cur le pleanáil, ullmhúchán agus, nuair is cuí, éascú na foghlama;
- i gcomhpháirt le foireann na scoile, cur le pleanáil, monatóireacht agus measúnú dhul chun cinn na bpáistí atá faoina gcúram;
- cur le próisis leanúnacha athbhreithnithe an pháiste, lena n-áirítear comhoibriú le daoine eile sa scoil agus le gníomhaireachtaí seachtracha; agus
- obair mar chuid d'fhoireann na scoile le caidrimh éifeachtúla le tuismitheoirí a chur chun cinn.

Tagairtí

Ainscow, M; Tweddle, D. (1979) *Preventing Classroom Failure: An objectives approach*, Chichester: Wiley.

Booth, T; Ainscow, M, (2002) *Index for Inclusion: Developing Learning and Participation in Schools*, Bristol : Centre for Studies in Inclusive Education.

Cole, R, (2008), *Educating Everybody's Children: Diverse Strategies for Diverse Learners*, Association for Supervision and Curriculum Development, Google Books, <http://books.google.co.uk/books?id=ixmW-porsOAC>
Arna Rochtain 25 Eanáir 2011.

Department of Education Northern Ireland (DENI) (1998) *The Code of Practice for the Identification and Assessment of Special Educational Needs*. Bangor: Department of Education Northern Ireland.
[Ar Líne] http://www.deni.gov.uk/the_code_of_practice.pdf
Arna Rochtain 25 Eanáir 2011.

Department of Education (DE), (2005) *The Supplement to the Code of Practice for the Identification and Assessment of Special Educational Needs*. Bangor: Department of Education Northern Ireland.
[Ar Líne] <http://www.deni.gov.uk/supplement.pdf>
Arna Rochtain 25 Eanáir 2011.

Department of Education (DE), (2009) *Every School a Good School: The Way Forward for Special Educational Needs and Inclusion: Policy Proposals Consultation Document*. Bangor, Department of Education.
[Ar Líne] http://www.deni.gov.uk/every_school_a_good_school_the_way_forward_for_special_educational_needs_sen_and_inclusion_8211_consultation_document_english_pdf_434kb.pdf
Arna Rochtain 28 Eanáir 2011.

Department of Education (DE), (2010a) *Every School a Good School - The Governor's Role*. Bangor: Department of Education.

[Ar Líne] http://www.deni.gov.uk/index/85-schools/5-school-management/79-school_governors_pg/schools_79_governor-roles-and-responsibilities_pg.htm

Arna Rochtain 25 Eanáir 2011.

Department of Education (2010b) *Every School a Good School: School Development Planning*. Bangor, Department of Education.

[Ar Líne] http://www.deni.gov.uk/sdp_guidance_2010_-_english_published_version_revised.pdf

Arna Rochtain 21 Eanáir 2011

Education (Northern Ireland) Order (1996)

Education (School Development Plans) Regulations (Northern Ireland) 2005.

Education (School Development Plans) Regulations (Northern Ireland) 2010

Education and Training Inspectorate (2010a) *Together Towards Improvement: A process of Self-Evaluation: Pre-School*. Bangor, Education and Training Inspectorate.

[Ar Líne] <http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-pre-school.pdf>

Arna Rochtain 21 Eanáir 2011.

Education and Training Inspectorate (2010b) *Together Towards Improvement: A process of Self-Evaluation: Primary*. Bangor, Education and Training Inspectorate.

[Ar Líne] <http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-primary.pdf>

Arna Rochtain 21 Eanáir 2011.

Education and Training Inspectorate (2010c) *Together Towards Improvement: A process of Self-Evaluation: Post-Primary*. Bangor, Education and Training Inspectorate.

[Ar Líne] <http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-post-primary.pdf>

Arna Rochtain 21 Eanáir 2011.

Education and Training Inspectorate (2010d) *Together Towards Improvement: A process of Self-Evaluation: Special Education*. Bangor, Education and Training Inspectorate.

[Ar Líne] <http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-special.pdf>

Arna Rochtain 21 Eanáir 2011.

Equality Commission for Northern Ireland (2006) *Disability Discrimination Code of Practice for Schools*. Belfast, Equality Commission for Northern Ireland.

[Ar Líne] [http://www.equalityni.org/archive/pdf/FSchoolsCOP\(SENDO\).pdf](http://www.equalityni.org/archive/pdf/FSchoolsCOP(SENDO).pdf)

Arna Rochtain 25 Eanáir 2011.

General Teaching Council for Northern Ireland (2007) *Teaching: The Reflective Profession*. Belfast, General Teaching Council for Northern Ireland.

[Ar Líne] http://www.gtcni.org.uk/uploads/docs/GTCNI_Comp_Bmrk%20%20Aug%202007.pdf

Arna Rochtain 21 Eanáir 2011.

Inclusion Quality Mark (IQM) (2011)

[Ar Líne] <http://www.inclusionmark.co.uk/>

Arna Rochtain 21 Eanáir 2011

Journey to Excellence (2010) *Learning Together: An Introduction to Inclusion*

[Ar Líne] http://www.journeytoexcellence.org.uk/Images/anintroductiontoinclusion_tcm4-559626.pdf

Arna Rochtain 25 Eanáir 2011.

Lloyd, C, (2000), *Excellence for all Children – False Promises! The Failure of Current Policy for Inclusive education and Implications for Schooling in the 21st Century*, International Journal of Inclusive Education, April 2000, 133-152

Low, C, (2006), *Some Ideologies of Disability*, Journal of Research in Special Educational Needs, 6(2), p108-111

Mitra, S, (2006), *The Capability Approach and Disability*, Journal of Disability Policy Studies, 16(4), p236-247

Mitz, J, (2007), *Attitudes of Primary Initial Teacher Training Students to Special Educational Needs and inclusion*, Support for Learning, 22, 1, pg 3-8

Norwich, B, (2002), *Education, Inclusion and Individual Differences: Recognising and Resolving Dilemmas*, British Journal of Education Studies, Vol. 50(4), pg 482-502

Special Educational Needs and Disability (Northern Ireland) Order (2005)

Skidmore, D, (2004), *Inclusion: The Dynamic of School Development*. Maidenhead: Open University

The Education (Northern Ireland) Order (1996). London, Her Majesty's Stationery Office.

[Ar Líne] <http://www.legislation.gov.uk/nisi/1996/274/contents>

Arna Rochtain 25 Eanáir 2011.

The Special Educational Needs and Disability (Northern Ireland) Order (2005). London, Her Majesty's Stationery Office.

[Ar Líne] <http://www.legislation.gov.uk/nisi/2005/1117/contents>

Arna Rochtain 25 Eanáir 2011.

Ryan, D. (2006) *Report of a Study Visit to Langdon School, Newham, East London on 10 October 2006*. Belfast: Belfast Education and Library Board.

[Ar Líne] http://www.belb.org.uk/parents/seni_articles/inclusion/ReportOfStudyVisitToLangdonSchool.pdf

Arna Rochtain 25 Eanáir 2011

Ryan, D. (2007) *Millfields Community School, Hackney. Report of a Study Visit on 9 March 2007*. Belfast, Belfast Education and Library Board.

[Ar Líne] http://www.belb.org.uk/parents/seni_articles/inclusion/millfields_school_report.pdf

Arna Rochtain 25 Eanáir 2011

Ryan, D. (2008a) *School Management Inclusion Analysis 3.0*. Belfast, Belfast Education and Library Board.

[Ar Líne] http://www.belb.org.uk/parents/seni_articles/inclusion/SchoolManagementPreparationForInclusionAnalysis2.pdf

Arna Rochtain 28 Eanáir 2011

Ryan, D. (2008b) *School Staff Inclusion Analysis 3.0*. Belfast, Belfast Education and Library Board.

[Ar Líne] http://www.belb.org.uk/parents/seni_articles/inclusion/SchoolStaffPreparationForInclusionAnalysis2.pdf

Arna Rochtain 28 Eanáir 2011

Ryan, D. (forthcoming) *The Ryan Inclusion Analysis*.

School Development Planning Regulations (2005)

School Development Planning Regulations (2010)

Tuilleadh Eolais

An Roinn Oideachais (RO) (2010) Leabhrán Gobharnóirí Scoile

http://www.deni.gov.uk/chapter_1_introduction.pdf

Department for Education and Skills (DES) (2005) Key Stage 3 National Strategy: Promoting Inclusion and Tacking Underperformance: Maximising Progress: Ensuring the Progress of Pupils with SEN. London: Department for Education and Skills.

[Ar Líne] <http://nationalstrategies.standards.dcsf.gov.uk/node/97233>

Arna Rochtain 28 Eanáir 2011

Department for Education and Skills (DES), (2006) National Secondary Strategy for School Improvement: Promoting Inclusion and Tacking Underperformance: Effective Leadership: Ensuring the Progress of Pupils with SEN and/or Disabilities. London: Department for Education and Skills.

[Ar Líne] <http://nationalstrategies.standards.dcsf.gov.uk/node/97796>

Arna Rochtain 28 Eanáir 2011

Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste: <http://belb.org.uk>

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oir-Thuaiscirt: <http://neelb.org.uk>

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oir-Dheiscirt: <http://seelb.org.uk>

Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt: <http://selb.org>

Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair: <http://welbni.org>

Education and Training Inspectorate, (2006) Report of an Inspection Survey of the Effective Use of Classroom Assistants with Special Educational Needs in Mainstream Schools, 2005-2006. Bangor: Education and Training Inspectorate.

[Ar Líne] <http://www.etini.gov.uk/report-of-an-inspection-survey-of-the-effective-use-of-assistants-for-pupils-with-special-educational-needs-in-mainstream-schools.pdf>

Arna Rochtain 28 Eanáir 2011

Regional Training Unit (RTU)

[Ar Líne] <http://www.rtuni.org>

Scotland (2010) Learning Together: An Introduction to Inclusion: Achieving Success for all learners: Journey to Excellence:

[Ar Líne] http://www.journeytoexcellence.org.uk/Images/anintroductiontoinclusion_tcm4-559626.pdf

Arna Rochtain 28 Eanáir 2011

www.comhairle.org

Buíochas

Alan Boucher, Príomhoide, Bunscoil Chill Dhuinsí, SEELB

Valerie Campbell, Príomhoide, Bunscoil Dhún Geanainn, SELB

Shane Comer, Comhairleoir, SELB

Colm Davis, Príomhoide, Scoil Speisialta Tor Bank, SEELB

Seán Dillon, Príomhoide, Bunscoil Primate Dixon, SELB

Maurice Doherty, Príomhoide, Ard-Scoil Bhaile na hInse, SEELB

Neil Downing, Príomhoide, Bunscoil na gCorr Críochach, SELB

Martin McGlade, Príomhoide, Scoil Speisialta Harberton, BELB

Liam Perry, Príomhoide, Coláiste Naomh Colmán, SEELB

Norma Price, C2K

David Ryan, Comhairleoir SRO agus Cuimsiúcháin, BELB

Aguisín

Stair Shamhlacha Sainriachtanais Oideachais

Tá samhlacha SRO agus míchumais á gcaibidil le fada an lá, de réir mar a chuireann lucht a molta creata chun cinn le go dtuigtear an taithí a bhíonn ag daoine ar shainriachtanais oideachais agus ar mhíchumas (Low, 2006; Mitra, 2006). Cuireann siad pointe tagartha ar fáil don tsochaí fosta maidir leis an dóigh a bhforbraítear dlíthe, rialúcháin agus struchtúir agus mar a théann siad i bhfeidhm ar shaol daoine a bhfuil míchumas acu (Cole 2008, Mitz, 2007). Tá trí shamhail phríomha le meas, an tsamhail leighis, an tsamhail shóisialta (Féach Ainscow agus Tweedie, 1979, Booth agus Ainscow, 2002) agus an tSamhail Feabhsúchán Scoile.

An tSamhail Leighis

De réir na samhla seo, is iad na daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu an fhadhb agus bítear ag dúil leo athrú agus teacht chun réitigh leis na tosca a chuirtear ina láthair, gan a aithint ar chor ar bith gur gá don tsochaí athrú. Ar na himpleachtaí a bhaineann le cloí leis an tsamhail seo tá go gcruthaítear cásanna den chineál seo a leanas:-

- Ní bhíonn Bord na nGobarnóirí páirteach i gceannasaíocht agus i mbainistíocht SRO.
- D'fhéadfaí nach gceapadh Bord na nGobharnóirí CSRO.
- An dearcadh a bheith ag na bainisteoirí agus ag an fhoireann gur ag an Chomhordaitheoir Sainriachtanais Oideachais (CSRO) amháin atá freagracht as bainistiú Sainriachtanais Oideachais.
- Ní bíonn an CSRO ina b(h)all d'Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta na scoile.

- Ní chuimsítear Sainriachtanais Oideachais i bPlean Forbartha na Scoile agus ní théitear i gcomhairle le baill foirne ná le tuismitheoirí faoin ghné seo d'fheabhsúchán scoile.
- Ní ghlacann múinteoirí leis go bhfuil gá le forbairt leanúnach ghairmiúil.
- Bíonn scoileanna i dtuilleamaí ar sholáthar uaireanta oibre cúntóirí ranga le cuidiú leo soláthar sainriachtanais oideachais a bhainistiú.
- Ní bhaintear úsáid éifeachtúil as cúntóirí ranga.
- Bíonn an scoil de shíor ar lorg acmhainní breise le freastal ar riachtanais daltaí SRO.
- Bíonn an scoil frithghníomhach seachas réamhghníomhach maidir le freastal ar riachtanais daltaí úra a bhfuil sainriachtanais nó riachtanais bhreise oideachais acu.
- Ní bhíonn an scoil i dteagmháil le páirtithe, gníomhaireachtaí nó páirtithe leasmhara ábhartha.

An tSamhail Shóisialta

Is daoine a bhfuil míchumas acu a d'fhorbair an tsamhail seo agus aithnítear inti an dóigh a ndéanann an tsochaí leithcheal ar dhaoine a bhfuil máchail orthu agus an dóigh a n-eisíonn sí iad ón rannpháirtíocht. Cuirtear an cás chun cinn nach iad na míchumais féin an bac is mó atá orthu ach na teorainneacha agus na constaicí a chuireann an tsochaí rompu. I dtaca leis an tsamhail shóisialta de, is gá do scoileanna na constaicí ar ghnóthachtáil a shainaithint agus dul i ngleic leo siúd chomh maith leis an pháiste ina (h)iomláine a fhorbairt.

Is aidhm bhunúsach ag múinteoirí freastal ar riachtanais éagsúla páistí a bhfuil SRO acu lena chinntiú go bhforbraíonn siad curaclam cuimsitheach ina mbíonn fáil agus teidlíocht iomlán ag gach dalta ar an oideachas (Lloyd, 2000;

Norwich 2002). Le tabhairt faoi leanúntas iomlán riachtanais páistí is gá, de réir na samhla sóisialta, do mhúnteoirí bheith ag obair ar bhonn solúbtha agus go cruthaitheach le timpeallachtaí foghlama a choigeartú ionas go mbíonn siad fóirsteanach don fhoghlaím do gach dalta. Lena rá ar dhóigh eile, tá na cearta céanna ar dhúshlán agus ar dhul chun cinn oideachais ag páistí ar baol dóibh bheith imeallaithe agus/nó constaicí a bheith rompu.

An tSamhail Feabhsúchán Scoile

Is ar na mallaibh a forbraíodh an tsamhail seo (Skidmore, 2004). Is é an bunsmaoineamh atá taobh thair de seo gur chóir an fócas a bheith ar an timpeallacht seachas ar an pháiste aonair mura mbíonn rath ar an pháiste a bhfuil SRO aige/aici. Is í an tsamhail seo a ndíríonn scoileanna uirthi faoi láthair agus cuireann sí go maith le clár oibre 'Gach scoil ina Scoil Mhaith'.

Le feabhsúchán a bhaint amach beidh gá, mar sin de, leis an timpeallacht a fheabhsú agus í a mheaitseáil le riachtanais an pháiste. I gcomhthéacs na scoile ciallaíonn sé seo coigeartuithe réasúnta a dhéanamh ar an churaclam agus ar na foirgnimh chomh maith le díriú ar acmhainn gach ball foirne freastal ar riachtanais na ndaltaí trí fhorbairt leanúnach ghairmiúil. I dtaca leis an chur chuige seo, is den tábhacht go bhfeiceann scoileanna na saincheisteanna ó pheirspictíocht na ndaltaí agus go n-amharcann siad níos faide ná SRO agus míchumas. Baineann coincheap na 'timpeallachta' chomh maith leis an phobal a bhfuil an scoil ag freastal uirthi; mar a dúirt Anna Hassan, Príomhoide Millfields Community School in Hackney Londan (Féach Ryan, 2007),

'Ní féidir forbairt scoile a bheith ann gan forbairt phobail agus ní féidir forbairt phobail a bheith ann gan forbairt scoile.'